

Clár

Teist 1	2
Teist 2	6
Teist 3	11
Teist 4	16
Teist 5	21
Teist 6	30
Teist 7	37
Teist 8	44
Teist 9	52
Teist 10	60
Teist 11	68
Teist 12	
Teist 13	
Teist 14	
Teist 15	

Teist 1

Teist 1, Uimh.1 - 7

Roghnaigh an focal is fearr nó an grúpa focal is fearr leis an scéal seo a chríochnú ionas go mbeidh ciall leis agus Gaeilge cheart ann. Tá na focail atá le ciorclú agat scáilithe. Tarraing ciorcal thart ar cheann amháin as gach grúpa.

Beidh Tá Bhí Bíonn gasúr ann uair amháin. Bhí sé ina chónaí ag a mháthair. Ní dhearna sé a dhath oibre go deo riamh choíche anóirthear. Bhí a mháthair iontach bocht agus ní raibh a dhath aici le hithe. Dúirt sé lena mháthair maidin amháin go raibh sé ag dul ag obair agus go mbeadh siad saibhir go fóill.

Seán a bhí ar an ghirseach ghasúr bhean ainneir seo. Chuaigh sé ag obair an lá sin. Sa tráthnóna, fuair sé pingin. Thug sé leis ina lámh í agus chaill sé í.

Déarfaidh D'inis Inseoidh Insím sé dá mháthair cad é a d'éirigh dó, agus dúirt a mháthair leis gur cheart deacair amaideach dheas dó an phingin a chur ina phóca. Dúirt seisean go ndéanfadh sé sin feasta.

An dara lá a bhí sé ag obair, fuair sé crúiscín bainne agus chuir sé an crúiscín ina phóca agus dhóirt sé an bainne. Dúirt a mháthair leis gur cheart dó an crúiscín a thabhairt labhairt bhagairt thabhú leis ar a cheann agus greim a choinneáil air lena dhá lámh. Dúirt Seán go ndéanfadh sé sin arú inné inné an dara lá le goirid.

Teist 1, Uimh. 8 - 11

Bríd Bhán

Ní hionann liomsa sliabh agus an baile atá i mo dhiaidh,
Is a Dhia, gan mise arís ann,
Gan mé sa teach mór atá déanta ar thaobh an róid,
Is mise bheith ann gan bhó, gan chaora.
Ní bheinn i bhur gcró anois ag teacht an Domhnaigh,
Bheadh an t-Aifreann do mo chomhair is mo dhaoine,
Is dá mba liomsa Éire anuas ó Loch Éirne,
Is i dTeileann ab fhearr liom bheith i mo chónaí.

Tugann an dán seo orm mothú go bhfuil an duine atá ag caint sásta buartha lúcháireach áthasach faoin áit ina gcónaíonn sé anois.

Cruthaíonn an file an mothú sin leis na focail ar thaobh an róid ní bheinn i bhur gcró anuas ó Loch Éirne bheith i mo chónaí.

Ciallaíonn an líne 'Is a Dhia, gan mise arís ann':

Is trua gurb é an Domhnach atá ann.

Is maith go bhfuil Dia ann.

Is trua nach bhfuil mé ar ais sa bhaile atá i mo dhiaidh.


Chífidh mé Dia arís.

Luann an file an tAifreann agus a dhaoine le cumha lúcháir sásamh cráifeacht a léiriú.

Teist 1, Uimh. 12 - 30

Ceangail na litreacha leis na baill choirp.

- | | | |
|-----|---|-------------------|
| 12. | A | [an más] |
| 13. | B | [an chluas] |
| 14. | C | [an tsáil] |
| 15. | D | [an ceann] |
| 16. | E | [an uillinn] |
| 17. | F | [na ladhra] |
| 18. | G | [meall na coise] |
| 19. | H | [an t-ucht] |
| 20. | I | [capán na glúine] |
| 21. | J | [an lorga] |
| 22. | K | [an t-imleacán] |
| 23. | L | [an muinéal] |
| 24. | M | [an lámh] |
| 25. | N | [an clár éadain] |
| 26. | O | [na heasnacha] |
| 27. | P | [an smig] |
| 28. | Q | [an chorróg] |
| 29. | R | [an chos] |
| 30. | S | [an ghualainn] |



Teist 1, Uimh. 31 - 36


31. Coinneoidh bosca le haghaidh uibheacha 6 ubh. Tá 20 ubh agam.
- Cá mhéad bosca a líonfaidh mé?
 - Cá mhéad a rachaidh sa bhosca nach bhfuil iomlán lán?

a. _____ b. _____

32. Cosnaíonn ticéad choirme ceoil £4.
- Cá mhéad a thig liom a cheannach ar £18?
 - Cad é an briseadh a gheobhaidh mé?

a. _____ b. _____

33. Má amharcann tú ar an scála seo, chífidh tú go bhfuil an tsaighead á díriú ar 5m 25cm. An dtig leat sin a scríobh i méadair thíos faoin scála?



Freagra _____ m

34. Lá amháin léim an teocht ó -3°C go dtí $+7^{\circ}\text{C}$. Cá mhéad céim a léim an teocht?

Freagra _____⁰

35. $0.235 =$ _____ dheichiú agus _____ chéadú agus _____ mhíliú.

36. An bhfuil seo fíor nó bréagach?

$$0.42 > 0.411$$

Freagra _____

Teist 2

Teist 2, Uimh. 1 - 5

Roghnaigh an focal is fearr nó an grúpa is fearr leis an scéal seo a chríochnú ionas go mbeidh ciall leis agus Gaeilge cheart ann. Tá na focail atá le ciorclú agat scáilithe. Tarraing ciorcal thart ar cheann amháin as gach grúpa.

Chuaigh sé ó sholas. Éireoidh D'éiríodh D'éirigh Éirím an ghealach. Oíche dheas chiúin a raibh bheidh bhíodh bhí ann. Shiúil an gasúr leis agus drantán ceoil thuas aici linn aige agam. Ní raibh tuirse ná eagla air.

Nuair a tháinig thángamar thagadh thagaim an chuid eile go teach na bainse, chuir Culann fáilte a's céad romhaibh rompu acu leo agus leagadh bord bia agus dí. Shuigh siad thart.

Teist 2, Uimh. 6 - 9

Mo Mhadadh Beag

I

Ó, luím ar mo leaba is ní chodlaím aon néal go maidin,
ach ag meabhrú ar mo mhadadh bheag a d'imigh uaim sa scarthanach.
Och, och mo mhadadh beag. Och, och, mo mhadadh beag,
tá piachán i mo sceadamán ag scairteadh ar mo mhadadh bheag.

II

Is iomaí maidin shamhraidh, óró, sheol tú amach na gamhna dom
Chun an tSléibhe Rua is éan na cuaiche ag seinm cheoil sna gleanntáin
dúinn.

Seán Mac Grianna

6. Níor chodail an file aon néal mar:
- chrothnaigh sé uaidh an madadh beag.
 - bhí sé i ndiaidh madadh beag úr a fháil.
 - níor chodail sé go rómhaith in am ar bith.
 - bhí an madadh beag le himeacht an lá ina dhiaidh sin.
7. Cad é mar a chuirfeá síos ar an mhothú atá le sonrú sa chéad véarsa?
- cumhúil taibhseach lúcháireach grianmhar
8. Cad é a bhfuil an file ag smaointiú air sa chéad líne den dara véarsa?
- ag amharc ar na gamhna.
 - ag seoladh na ngamhna mar a bhíodh lena mhadadh beag.
 - an aimsir sa tsamhradh.
 - cá háit a gcuirfeadh sé na gamhna an lá sin.
9. Cé acu de na focail seo is fearr a chuireann síos ar atmaisféar an dara véarsa?
- callánach suaimhneach trioblóideach achrannach.

Teist 2, Uimh. 10-11


10. Bhuail gasúr gabhlóg tiúnála ar ghiota adhmaid. Níor chuir sé a lámha ar na beangáin ach choinnigh sé an gabhlóg 2cm óna chluais.

Cad é a chuala sé?

- a. a dhath ar bith ar chor ar bith.
- b. nóta íseal mar bheadh nóta ceoil ann.
- d. tuaim mar bheadh doras á dhruidim.



11. Bhuail sé an gabhlóg arís ar ghiota adhmaid agus ansin chuir sé a mhéar ar na beangáin.



Cad é a mothaigh sé lena mhéar?

- a. na beangáin ar crith.
- b. a dhath ar bith ar chor ar bith.
- c. bhí ceann amháin de na beangáin ar crith: ní raibh an ceann eile.

Teist 2, Uimh. 12 - 19

Gach lá cluinfidh tú fuaimeanna éagsúla. Déantar fuaim nuair a bhíonn rud éigin ag _____(A). B'fhéidir go gcluinféá an ghaoth ag séideadh tríd na crainn. B'fhéidir go gcluinféá an fheartainn ag bualadh ar d'fhuinneog. B'fhéidir go gcluinféá tic-toc do chloig. Bíonn an clog ag ticeáil ar an ábhar go bhfuil codanna de ag bogadh anonn is anall. B'fhéidir go gcluinféá éan ag ceol nó babaí ag caoineadh. Déantar _____(B) mar seo de thairbhe go mbíonn béal agus scornach an bhabaí ar crith nó ag bogadh.

Go minic, cluinfidh tú carr, leoraí nó eitleán. Gluaiseacht na n-inneall a dhéanann na fuaimeanna sin, agus páirteanna eile cairr, leoraí agus eitleáin.

Nuair nach _____(C) tú aon fhuaim, bíonn sé go hiomlán ciúin. Ní minic a bhíonn sé go hiomlán ciúin. De ghnáth, bíonn fuaimeanna de chineál éigin le _____(D) sa tír. Bíonn sé iontach callánach go minic ar an bhaile mhór.

12. A. _____

13. B. _____

14. C. _____

15. D. _____

16. Cá mhéad seachtain atá i 63 lá?

17. Cá mhéad triantán a mbeadh 21 sleasa orthu?

18. Cá mhéad lámh iad 35 méar?

19. Bhí £100 ag gasúr agus chaith sé 25% de ar bhróga peile. Cá mhéad airgid a chaith sé?

Teist 2, Uimh. 20 - 36

20-23. Thit an Mháirt i Mí Feabhra i mbliain bhisigh ar an 1ú lá. Cuir síos na dátaí eile ar thit an Mháirt orthu an mhí sin.

FEABHRA

D	L	M	C	D	A	S
		1				

24-31. Cuir fáinne thart orthu sin atá inroinnte go díreach ar 5.

5 15 17 20 25 37 42 65 70 82 95 105

32. $23 \times 8 = 46 \times \square = \square \times 2 = \square \times 1$

33. $7 \times 8 = 14 \times \square = \square \times 2$

34. $2 \text{ ----- } \times 10 + 1 \text{ ----- } > \quad (\quad)$

35. 4: $\text{Roinn ar 2 agus bain 1 ar shiúl} \text{ ----- } > \quad (\quad)$

36. $43 \times 8 = 344 + 344 \div 8 = (\quad)$

Gabh siar tríd do chuid oibre.

Teist 3

Teist 3, Uimh. 1 - 6

Roghnaigh an focal ceart nó an grúpa focal agus ciorclaigh é.

Bhí gasúr ina chónaí aon uair amháin thuas ag Coimín Chairlinne. Gasúr cliste a bhí ann ach ní raibh fuath tinneas spéis déistean ar bith aige sa Ghaeilge agus níor fhoghlaim sé focal di riamh choíche uaireanta corrlá. Bhí Gaeilge go leor ag na daoine thart fá dtaobh de agus bhíodh na gasúir sa scoil dá foghlaim gach lá ach ní raibh grá ná gean aigesean ar a bhád theanga leabhar chulaith féin. Tharla dó oíche amháin go raibh brionglóid iontach aige. Ní raibh sé i bhfad ina chodladh gur shíl sé go bhfuair sé bás. Tháinig dhá aingeal aníos anuas síos anall agus thóg siad suas suas go geata mór neimhe é. Bhí Naomh Peadar agus Naomh Pádraig ina seasamh ag an gheata. D'fhiafraigh Peadar de cárbh as dó. Dúirt an gasúr gurbh as an Choimín dó. D'fhiafraigh Peadar de cad é an scoil cluiche tír siopa a raibh an Coimín ann agus dúirt an gasúr gurbh in Éirinn a bhí sé, idir Cáirlinn agus Óméith. Nuair a chuala Pádraig sin labhair sé i mBéarla nGaeilge Spáinnis bhFraincis leis agus dúirt, "Maise, maise! 'Sé do bheatha. 'Sé do chéad míle fáilte! Cad é mar atá muintir Chairlinne agus muintir Óméith - agus muintir na hÉireann uilig - cad é mar atá siad?"

Teist 3, Uimh. 7 - 9

Laoi Cháinte an Tobac

Beir uaimse an tobac bréan,
Ní rachaidh sé i mo bhéal go brách.
Milleann sé anáil is déad,
Is lagann sé céadfaí chách.

Goideann sé an chuimhne 's an chiall,
Baineann sé an lúth as an chois.
Fágann sé dursan sa cheann,
Agus tógann sé fionn ar an rosc.

(as *Céad de Cheolta Uladh.*)

I ndiaidh dom an dán thuas a léamh mothaím go bhfuil an tobac

le mo leas

dochrach

pléisiúrtha

sultmhar

Insíonn na focail seo dom nach gcaithfidh an file a thuilleadh tobac:

milleann sé

ní rachaidh sé i mo bhéal go brách

goideann sé an chuimhne 's an chiall

Ciallaíonn an líne "Baineann sé lúth as an chois":

- Caith tobac is rithfidh tú níos gaiste.
- Beidh cosa deasa agat má chaitheann tú tobac.
- Fágfaidh an tobac do chosa gan lúth.
- Bíonn cosa láidre ag lucht chaite tobac.

Teist 3, Uimh. 10 - 23

Cuir isteach na focail seo sna habairtí cearta.

níos mó

domhan


ghrian

réaltaí

bhliain

10. Réalta is ea an _____.
11. Téann an _____ thart timpeall na gréine.
12. Uair amháin sa _____ a théann sé thart timpeall uirthi.
13. Tá an ghrian _____ ná an domhan.
14. Tá _____ áirithe níos mó ná an ghrian.

Baineann na ceistanna seo le pláinéid sa ghrianchóras.



Seo ainm gach pláinéid ach níl siad san ord cheart. Scríobh isteach ainm gach pláinéid faoin litir cheart.

AN GHRIAN

A. An Ghrian

ÚRÁNUS

15. B. _____

IÚPATAR

16. C. _____

SATARN

17. D. _____

NEIPTIÚN

18. E. _____

PLÚTÓ

19. F. _____

MARS

20. G. _____

MEARCAIR

21. H. _____

VÉINEAS

22. I. _____

AN DOMHAN

23. J. _____


Teist 3, Uimh. 24 - 29

24. Athraigh 2000 leathlítear go lítir.
_____ lítear.

25. Athraigh 725 lítear go leathlítir.
_____ leathlítear.


26. Cá mhéad leathlítear atá i 6000 ml.?
_____ leathlítear.

27. Amharc ar an dronuilleog seo. Tá imlíne de 18cm ann. Cad é fad na líne A?




A = _____ cm

28. Cad é achar an chrutha seo?



Achar = _____ cm²


29. Is féidir an gréasán seo a úsáid le cruth tríthoiseach a thógáil. Ainmnigh an cruth sin.




Ainm: _____

Teist 3, Uimh. 30 - 36

30. Nuair a bhogann an lámh mhór ar do chlog ó 12 go dtí 6, bogann sé fríd dhá dhronuillinn. Cá mhéad céim sin?



_____°



31. Cá mhéad páiste a sheinneann ar fheadóg? _____

32. Cá mhéad páiste a sheinneann ar fhidil? _____

33. Ainmnigh na páistí a sheinneann an dá ghléas.

34. Cad é is féidir a rá faoi Tharlach agus Aindriú?

35. Cuir iad seo in ord ag toiseacht leis an cheann is lú.

482 17 152 8 4256 567 75 1976

a. _____ b. _____ c. _____ d. _____

e. _____ f. _____ g. _____ h. _____

36. Amharc ar an uimhir 8000. Is ionann í agus:

nó _____ míle nó _____ céad
 nó _____ deich nó _____ aon

Teist 4

Teist 4, Uimh. 1 - 4

Léigh:

Bhí Mac Rí Éireann ann fadó agus chuaigh sé go dtí an Domhan Thoir ar lorg mná. Bhí an óigbhean ina cónaí istigh i gcaisleán mór agus bhí rothaí draíochta ag casadh agus ag casadh lá agus oíche timpeall an chaisleáin. Fhad is bheadh na rothaí draíochta seo ag casadh, ní thiocfadh le duine ar bith dul isteach sa chaisleán.

D'fhág Mac Rí Éireann slán ag a mhuintir féin agus ghluais go dtí an Domhan Thoir. Bhí turas fada air agus bhí sé féin agus a chuid fear tuirseach go leor nuair a tháinig siad a fhad leis an chaisleán.

Nuair a chonaic Mac Rí Éireann na rothaí draíochta ag casadh agus ag casadh gan stad, dúirt sé leis féin go raibh a thuras in aisce agus go raibh sé chomh maith aige pilleadh abhaile go hÉirinn arís. Is brónach a bhí sé, agus níorbh ionadh é, mar chonaic sé an bhean uasal ag amharc amach air ó fhuinneog sa chaisleán. Ní fhaca sé a leithéid de bhean le háilleacht. Bhí náire air pilleadh abhaile, ach bhí a fhios aige nach raibh aon mhaith bheith ag iarraidh dul isteach sa chaisleán fhad a's bhí na rothaí draíochta timpeall air.

Ceisteanna

Fíor nó bréagach? (1 - 3)

1. Bhí na rothaí ag casadh timpeall sa lá go díreach. _____
2. Dá stopadh na rothaí de bheith ag casadh, bheadh cead ag an mhac rí dul isteach sa chaisleán.

3. D'imigh Mac Rí Éireann ina aonar go dtí an Domhan Thoir. _____
4. Nuair a chonaic Mac Rí Éireann na rothaí ag casadh mhothaigh sé:
 - a. gurbh fhiú dó an turas fada a dhéanamh;
 - b. go stopfadh na rothaí gan mhoill;
 - c. go raibh sé i ndiaidh a chuid ama a chur amú;
 - d. gur chinnte go bpósfadh an óigbhean é.

Teist 4, Uimh. 5 - 6

5. Cad chuige nárbh ionadh é gur bhrónach a bhí Mac Rí Éireann?

6. Cé acu de na focail seo a d'úsáidfeá le cur síos ar an dóigh ar mhothaigh Mac Rí Éireann i ndiaidh é an caisleán a bhaint amach agus fáil amach faoi na rothaí draíochta?

lán ollghairdis

thar a bheith s sá

iontach míshásta

stiúctha le gáirí

Freagra: _____

Teist 4, Uimh. 7 - 14

Seán agus an Dall

Bhí an seanfhear dall
É tuirseach cráite
Ag seinm cheoil
Ar thaobh na sráide.

Cé tháinig an bealach
Ach Seán beag mánla
Is airgead ina lámh
Le haghaidh seacláide.

Chonaic sé an dall
Ar thaobh na sráide
Is ghlac sé trua
Don seanfhear cráite.

"Seo duit m'airgead,"
Ars' an buachaill cineálta
Is phill sé abhaile
Go sona sásta.

7-10. Cé acu de na focail seo a chuireann síos ar an tseanfhear ón chéad véarsa.
Cuir tic ✓ leis na focail a chuireann agus x leo siúd nach gcuireann.

a. dall b. traochta c. breá sásta d. ceol á sheinm aige

Fíor nó bréagach? (11 - 12)

11. Bhí Seán ag dul a cheannach seacláide sula bhfaca sé an seanfhear. _____

12. Gasúr santach é Seán. _____

13. An dóigh leat gur shíl Seán go raibh:


a. an rud ceart; b. an rud contráilte; c. drochghníomh; d. meancóg;
déanta aige? Cé acu? _____

14. Scríobh síos an focal, an grúpa focal nó an líne a thugann do fhreagra duit ar ceist 13.


Teist 4, Uimh. 15 - 25

Anseo thíos tá **Príomhchórais an Choirp**. Ceangail gach córas leis na codanna cearta den chorp.

- | | |
|-------------------------------|--|
| 15. AN CNÁMHARLACH | a. na baill ghiniúna |
| 16. AN CÓRAS DÍLEÁITE | b. na scamhóga agus na píobáin |
| 17. AN CÓRAS IOMSHRUTHAÍOCHTA | c. na duáin, an lamhnán, an cneas agus na scamhóga |
| 18. AN CÓRAS RIOSPRÁIDE | d. conair an bhia |
| 19. AN CÓRAS EISFHEARTHA | e. (córas na fola): an croí agus na fuileadáin |
| 20. AN NÉARCHÓRAS | f. na cnámha agus na hailt |
| 21. AN CÓRAS ATÁIRGEACH | g. an inchinn, corda an dromlaigh, na néaróga. |



- a. Tá an gasúr seo ag iarraidh bosca trom a bhrú trasna urláir. Tá sé doiligh aige de thairbhe go bhfuil mórán **cuimilte** idir an bosca agus an t-urlár.




- b. Ansin cuireann sé an bosca ar rolláin agus tugann sé iarraidh an bosca a bhrú trasna an urláir.

Cé acu de na ráitis seo atá fíor nó bréagach faoi a. agus b. ?

22. Tá níos mó cuimilte i gceist in **b.** ná in **a.** _____
23. Caitheann an gasúr níos lú fuinnimh i **b.** ná in **a.** _____
24. Tá níos lú cuimilte i gceist in **a.** ná i **b.** _____
25. Caitheann an gasúr níos mó fuinnimh i **b.** ná in **a.** _____

Teist 4, Uimh. 26 - 36



Cad é an uimhir dheachúil a bhfuil an tsaighead dírithe uirthi? _____

27. $46.7 = 4$ dheich + 6 aonad + 7 _____

28. Cé acu de na huimhreacha seo ina seasann an 7 ar son céaduithe? Cuir fáinne thart ar an fhreagra cheart.

296.2

357200

1732

178.200

16.87

29. Coinneoidh crúiscín mór $7\frac{1}{2}$ lítear bainne. Cá mhéad gloine 250ml a thig liom a líonadh as an chrúiscín?

_____ gloine.

30-36. Seo cuid de leathanach tosaigh nuachtáin.

Istigh	
Nuacht Náisiúnta	1
Mála Poist	2
Leathanach na bPáistí	3
Cad é atá ag gabháil?	4-5
Spórt	6-7
Teilifís agus Raidió	8-10
Polaitíocht	11
Feirmeoireacht	12-14
Bolscaireacht	15-18
Básanna	19

Cén leathanach/leathanaigh ar a bhfaighfeá iad seo?

30. Liathróid láimhe _____

31. Tarracóirí - a scéal _____

32. Oíche cheoil i Halla an Bhaile _____

33. Marú eile i mBosnia _____

34. Litir ó bhean ag gearán faoi challán _____

35. Scéal do pháistí _____

36. Carr ar díol _____

Teist 5

Teist 5 Uimh. 1 - 4

Tá Seán Ó Baoill ina chónaí ar an bhaile seo agus is iomaí oíche airneáil a rinne sé i dtoigh s'againne. Oíche fhuar gheimhridh amháin, bhí muid uilig inár suí thart fán tine nuair a tháinig Seán isteach. Thosaigh an comhrá agus sa deireadh d'iarr m'athair ar Sheán scéal a inse, nó go raibh muid tuirseach den chomhrá.

"Maise," arsa Seán, "ní scéalaí ar bith mise, ach mar d'iarr tú orm, inseoidh mé daoibh faoi rud a tharla dom nuair a bhí mé i mo ghasúr. Ba ghnách leis na daoine an uair sin, mar bhí siad bocht, na páistí a chur ar seirbhís go h-óg. Chuir m'athair mise ar seirbhís ag fear amuigh i gContae Thír Eoghain.

Ní sásta a bhí mé an baile a fhágáil, ach ní raibh neart agam air. Sula raibh an chéad mhí thart, dúirt mé liom féin go bhfágfainn an áit sin, ba chuma cad é a d'éireodh dom agus go rachainn abhaile chuig mo mhuintir.

1. Ciallaíonn **is iomaí**:

is annamh

chan mórán

cuid mhór

uair gach 5 bliana

2. Is ionann **airneál** agus **urnaí**.

Fíor nó bréagach? _____

3. Nuair a tháinig Seán isteach bhí na daoine ina suí

thart fán bhalla

thart fán tine

thart fán tsolas

thart fán bhia

4. D'iarr an t-athair ar Sheán scéal a inse mar:

- go raibh sé ag éirí mall.
- go raibh siad tuirseach.
- go raibh siad tuirseach den chomhrá.
- go gcaithfeadh siad imeacht.

Teist 5 Uimh. 5 - 11

5. Ciallaíonn '**ar seirbhís**' sa scéal:

- a. réidh le cluiche leadóige a imirt.
- b. ag obair.
- c. ar cuairt.
- d. dul san arm.

6. Cuireadh na páistí beaga ag obair go hóg mar go raibh siad maith ag an obair ag an aois sin.

Fíor nó bréagach? _____

7. Ar shíl Seán gur scéalaí maith a bhí ann? _____

8. Scríobh síos an líne as an scéal a thug freagra duit ar cheist 7.

9. Tá Contae Thír Eoghain i gCúige Chonnachta.

Fíor nó bréagach? _____

10. Ciallaíonn '**ní raibh neart air**':

- a. ní chaithfinn neart a thabhairt dó.
- b. b'éigean dom é a dhéanamh gan an dara rogha agam.
- c. bhí mé sásta ag imeacht.
- d. is maith go raibh mé láidir.

11. An ndéarfá go raibh Seán:

- a. buartha.
- b. sásta.
- c. ar nós cuma liom.
- d. sách sásta i dTír Eoghain.

Teist 5 Uimh. 12 - 17

An Gleann inar Tógadh Mé

Ó áit go háit ba bhreá mo shiúl
Is b'ard mo léim ar bharr an tsléibhe,
I loing is i mbád ba mhór mo dhúil,
Is ba bheo mo chroí i lár mo chléibhe.
Mar chos an ghiorria a bhí mo chos,
Mar iarann gach alt is féith,
Bhí an sonas romham thall is abhus,
Sa ghleann inar tógadh mé.

Ní hamhlaidh atá sé agam anois,
Bhí mé luath is tá mé mall,
Níl a fhios agam cad é a bhris
Sean-neart mo chroí is lúth na mball.
Rinne mé mórán is fuair mé fios
Ar mhórán - och! Níor sásaíodh mé.
Mo léan, mo léan, gan mé arís óg,
Sa ghleann inar tógadh mé.

12. Cé acu de na focail seo a chuireann síos ar ábhar an chéad véarsa?

rudaí mar atá anois rudaí mar a bhí le linn óige an fhile

Gleann Collán

sléibhte

13. An ndéarfá go raibh dúil ag an fhile i ngnótha farraige? _____

14. Tabhair an líne a thug freagra duit ar cheist 13.

15. 'Ní hamhlaidh atá sé agam anois'. Ciallaíonn an líne sin:

níl airgead ar bith aige

níl am ar bith le spáráil aige

níl rudaí mar bhí níos mó anois

níl a fhios aige cad é a tharlóidh

16. Cuireann an file '**mo léan**' isteach dhá uair le méadú ar an

bhrón

áthas

ghealltanas

samhnas

17. Cé acu seo is fearr a chuireann síos ar an dán ina iomlán?

cuimhní cinn

grá

síocháin

bádóireacht

Teist 5 Uimh. 18 - 22

Sé chos a bhíonn ar na feithidí. Cuir líne faoi na mionbheithígh seo atá ina bhfeithidí.

18. cuileog damhán alla céadchosach féileacán bóin Dé cláirseach

19-22. An dtig leat an t-ainm a cheangal de ainm na duilleoige?

19. an teile _____

20. an cuileann _____


21. an dair _____

22. an tsaileog _____



Teist 5 Uimh. 23 - 31

23. Bhí citeal ar ghail agus chuir an múinteoir pláta fuar leis an ghal a bhí ag éirí as.



Cad é a tharla nuair a bhuail an gal an pláta fuar?

.....

24. Sa dúlra titeann duilleoga de na crainn agus bíonn na mionbheithígh beo ar na duilleoga. Leasann na duilleoga an chréafóg. Fásann plandaí nua. Cad é a thugtar air sin nuair a tharlaíonn sé sa nádúr?

.....

25.

Bainisteoir de dhíth	
Tuarastal	£20k

Is minic a fhógraítear tuarastal ag úsáid **k**. Seasann **k** ar son míle.

Scríobh i bhfigiúir an tuarastal san fhógra.


Freagra: £.....

26. Cá mhéad céad atá i 5000?

Freagra:

27. $67 \times 10 = \square \times 100$


28-31. Léigh an scála seo.



28. 29. 30. 31.

Teist 5 Uimh. 32 - 45

Tá páistí ag imirt cluiche beag le díisle bán agus le díisle dubh. Tosaíonn tú ag **neamhní**, sin 0, agus insíonn an díisle bán duit cá mhéad céim chun tosaigh (ar thaobh na láimhe deise den 0) a rachaidh tú agus insíonn an díisle dubh duit cá mhéad céim ar gcúl a rachaidh tú (ar thaobh na láimhe clé den 0).



Mar shampla, dá bhfaighinn 6 ar dhíisle bán agus 4 ar dhíisle dubh, chríochnóinn ag +2.

Cá háit a gcríochnóinn leo seo?

	Bán	Dubh	Críoch
32.	2	6	
33.	5	2	
34.	1	1	
35.	6	5	

36. Bhí céad cárta agam agus dhíol mé 14% acu le gasúr beag. Cá mhéad cárta a bhí fágtha agam?

Freagra: _____ cárta.

37. 63 lá = seachtain

40. 21 sleas = triantán

38. 16 cos = madadh

41. 35 méar = lámh

39. 20 cluas = duine

42. 48 sleas = heicseagán

43. $9 \times 8 = 18 \times 4 = \square \times 2 = 72 \times \square$

44. $8 \times 6 = \square \times 12 = \square \times 2 = \square \times 1$

45. $10 \times 8 = 20 \times \square = 40 \times \square = \square \times 1$

Teist 5 Uimh. 46 - 51

An Eoraip: Na hAibhneacha agus Na Lochanna

Luíonn an loch is mó sa domhan, Muir Chaisp, sa choirnéal thoir theas den Eoraip. Cé go dtugtar 'muir' ar Mhuir Chaisp, loch atá ann dáiríribh nó tá sé timpeallaithe go hiomlán ag an talamh. Tá bruach an locha thíos faoi leibhéal na Meánmhara. Sáile atá in uisce Mhuir Chaisp.

Tá cuid d'aibhneacha na hEorpa an-fhada. Sileann an Volga 1431km tríd an Rúis fhad le Muir Chaisp. Sileann abhainn na Réine ó thuaidh tríd an Ghearmáin agus an Ísiltír isteach i Muir nlocht. Sileann an Danóib soir tríd an Ostair, an Ungáir, an Iúsláiv agus an Rómáin fhad leis an Mhuir Dhubh. Sileann an tSéin tríd an Fhrainc. Ar na haibhneacha móra eile tá an Dnípir, an Don, an Ebró, an Eilbe, an Loire, an Oder, an Phó, an Róin, an Tamais, an Vistula agus an tSionainn.

46. Níl loch ar bith ar domhan chomh mór le Muir Chaisp.
Fíor nó bréagach? _____.

47. Tá uisce Mhuir Chaisp mar bheadh uisce na farraige?
Fíor nó bréagach? _____.

48. Cá háit a bhfaighfeá eolas mar atá sa tsliocht thuas?

Foclóir

Atlas

Leabhar Staire

49. An bhfuil sé fíor go sileann an Danóib isteach sa Mhuir Thuaidh?
Ciorclaigh an freagra ceart.

Tá

Níl

50. Sileann an tSéine tríd

An Fhrainc

An Spáinn

Éirinn

51. Cén abhainn in Éirinn a luaitear sa tsliocht. _____

Teist 5 Uimh. 52 - 60

Gadaí d'ochtapas

Créatúirí beaga faiteacha iad na hochtapais de ghnáth nach n-ionsódh duine ar bith. Ach i 1960 tugadh iarraidh ar iascaire san Afraic Theas. Scaoil an fear greim an ochtapais i ndiaidh bheith ag streachailt leis agus fuair sé a cheann leis ach bhí an t-ochtapas i ndiaidh uaireadóir óir an iascaire a thabhairt leis.



52. Ciallaíonn **faiteach**

- a. cúthail b. bródúil c. lag

Freagra: _____

53. Tharla an rud seo thart fá

35 bliain

350 bliain

3 bliana

50 bliain

10 mbliana

ó shin.

54. Níorbh éigean don iascaire streachailt leis an ochtapas leis an ghreim a scaoileadh.

An bhfuil sin fíor nó bréagach? _____

55. An ndéarfá go raibh an t-ochtapas

- a. amscáí b. éasca c. fadálach d. gan chiall

nuair a bhain sé an t-uaireadóir den iascaire? Cé acu? _____

Cuir na hainmneacha seo leis na codanna den chorp. (56 - 60)


56. na scamhóga _____

57. an béal _____

58. an píobán _____

59. an croí _____

60. an laraing _____



Teist 5 Uimh. 61 - 80

61-63. Má bhíonn tú ag iarraidh rud éigin a bhogadh, brúnn tú nó tarraingíonn tú.

Obair atá ann. Déantar obair nuair a thugann brú nó tarraingt ar rud éigin _____(A). Nuair a dhéanann tú obair úsáideann tú fuinneamh. I ndiaidh mórán oibre a dhéanamh, b'fhéidir go mbeifeá tuirseach agus go mbeadh _____(B) de dhíth ort. B'fhéidir go mbeadh ocras ort. _____(C) tú le tuilleadh fuinnimh a fháil.

A	B	C
fanacht	liathróid	itheann
cuimilt	camán	ritheann
bogadh	cailc	imíonn
ithe	scíste	ceannaíonn

64-67. Cuir isteach na focail seo sna habairtí cearta.

ó thuaidh theas thoir thiar

64. Feictear dúinn gur san aird _____ a éiríonn an ghrian.
65. San aird _____ a bhíonn an ghrian ag meán lae.
66. San aird _____ a bhíonn an ghrian, ag dul faoi di.
67. _____ a bhíonn snáthaid an chompáis dírithe i gcónaí.

68-72. Scríobh síos i bhfocail luach an fhiigiúir a bhfuil fáinne thart air.

13⁷ _____ 3⁶7 _____ 6⁷2 _____ 79⁶ _____ 4⁰7 _____

73. 9, sin an _____ cuid de 18.
74. 2, sin an _____ cuid de 12.
75. Cá mhéad deich i 50? _____
76. Cá mhéad deich i 600? _____
77. Cá mhéad deich i 9000? _____
78. Cá mhéad aon i 70? _____
79. Cá mhéad míle i 70,000? _____
80. Cá mhéad céad i 7000? _____

Teist 6

Teist 6 Uimh. 1 - 6

Bhí beirt ghasúr aon uair amháin in Éirinn a bhí ina gcomrádaithe móra. Thug an bheirt gealltanais dá chéile cibé an chéad fhear acu a gheobhadh bás go dtiocfadh sé le scéala a thabhairt don fhear eile, cad é an cineál áite a bhí ann sa tsaol úd eile. D'fhás an bheirt aníos go raibh siad ina mbeirt fhear agus gur pósadh iad. Bhí Tadhg mar ainm ar fhear amháin agus Pádraig ar an fhear eile. Fuair Tadhg bás ina dhiaidh sin agus rinne Pádraig dearmad go raibh gealltanais ar bith eatarthu. Tráthnóna amháin bhí Pádraig ag teacht isteach ón iascaireacht agus rinne sé dearmad dá phíopa. D'fhág sé sa bhád ina dhiaidh é.

Siar le Pádraig go deireadh an bháid, agus ar amharc thart dó, chonaic sé Tadhg ina sheasamh ag toiseach an bháid.

"Tá tú ann," arsa Pádraig.

"Tá" arsa Tadhg. "Nach bhfuil eagla ort romham?"

"Níl," arsa Tadhg. "Ní raibh eagla orm romhat beo, agus ní bheidh eagla orm romhat marbh."

"Maith thú," arsa Tadhg, agus d'inis sé dó fá chuid dá gcairde a bhí marbh, cuid acu a bhí sna Flaithis, cuid acu a bhí i bPurgadóir agus cuid eile a bhí in Ifreann.

1. An raibh an bheirt seo
 - a. iontach mór le chéile.
 - b. beag beann ar a chéile.
 - c. ar nós cuma liom.
 - d. in éad le chéile. Cé acu? _____
2. Ciallaíonn gealltanais go gcoinníonn tú le d'fhocal agus go ndéanann tú an rud a dúirt tú.
Fíor nó bréagach? _____
3. Níor pósadh Tadhg.
Fíor nó bréagach? _____
4. Cé fuair bás de chéaduair, Tadhg nó Pádraig? _____
5. Cén t-am de lá a dtáinig Pádraig abhaile ón iascaireacht?
 - a. go luath ar maidin
 - b. go mall san oíche
 - c. meán lae
 - d. thart fá am tae. Cé acu? _____
- 6-8. Ainmnigh na trí háiteanna ina raibh a gcairde.
a. _____ b. _____ c. _____

Teist 6 Uimh. 9 - 15

ÉIRÍGÍ, A PHÁISTÍ

I

Éirígí, a pháistí!
Amach linn faoin aer.
Tá an ghrian gheal ag taitneamh,
Níl scamall sa spéir.

II

Tá gaoth bhog ag séideadh
Thar chnoc agus ghleann,
Tá duilleoga ag damhsa
Ar sceach is ar chrann.

III

Tá úlla is sméara
Go tiubh ar gach craobh,
Tá bláthanna geala
Ag fás ar gach taobh.

IV

Éirígí, a pháistí.
Amach linn faoin aer
Chun aoibhneas a bhaint
As an áilleacht go léir.

9. An ndéarfá go bhfuil an dán seo suite
- sa tSamhradh
 - san fhuacht
 - sa gheimhreadh
 - sa ghealach.
10. Cruthaíonn an file atmaisféar sa chéad véarsa atá
- dubh brónach
 - samhnasach
 - geal taitneamhach
 - dáiríribh.
11. Nuair a scríobhann an file go bhfuil 'na duilleoga ag damhsa', an gciallaíonn sé go bhfuil siad
- ag déanamh 'Tonnaí Thoraí'
 - á séideadh anonn is anall sa ghaoth bhog
 - ag céilí
 - gléasta le dul chuig dioscó.
12. Cad é an focal ab fhearr le cur síos ar an phictiúr a chruthaíonn véarsa a trí?
- fliúrseacht
 - ganntanas
 - imeacht
 - tithe

13. Tá an file ag tabhairt comhairle síos fríd an dán. Ba chóir do na páistí :
- fanacht ina dtithe féin.
 - éirí amach ar an talamh faoin aer.
 - dul a shnámh.
 - peil a imirt.
- Cé acu? _____

14. Is ionann aoibhneas agus
- pléisiúr
 - solas
 - dorchadas
- Cé acu? _____

15. An síleann tú gurb ionann **áilleacht** agus **scéimh**. Cuir fáinne thart ar an fhreagra cheart.

Sílim gurb ionann

Ní shílim gurb ionann

Teist 6 Uimh. 16 - 32

16. _____ is ea iasc. (ainmhí, planda)
17. Tig le _____ gluaiseacht ó áit go háit. (ainmhithe, plandaí)
18. Plandaí _____ is ea crainn. (beaga, móra)
19. Planda _____ is ea caonach. (beag, mór)
20. De ghnáth, maireann crainn tamall _____. (fada, gearr)
21. _____ bláthanna ar bheacáin bhearaigh. (tagann, ní thagann)

Amharc ar ainmneacha na bplandaí seo:


RAITHNEACH

LUS AN CHROMCHINN

COINNLE CORRA

BEACÁIN BHEARAIGH.

Cuir an t-ainm leis an phictiúr den phlanda.



22. _____ 23. _____ 24. _____ 25. _____

26-30. Scríobh cé acu fíor, bréagach na ráitis seo.

26. $2 \times 9 = 27 - 9$ _____
27. $4 \div 4 < 7 \div 7$ _____
28. $0 \times 4 = 6 - 6$ _____
29. $9 \times 8 > 8 \times 9$ _____
30. $(4 \times 2) + 6 = 26 \div 2$ _____

31-33. Líon na boscaí.

31. $(4 \times 6) + (4 \times 3) = 4 \times \square$

32. $(2 \times \square) + (2 \times 2) = 2 \times 8$

33. $(\square \times 4) + (\square \times 8) = 2 \times 12$

34-43. Baineann an cheist seo leis na huimhreacha $1 > 10$.

Cuir isteach 1,2,3,4,5,6,7,8,9,10 san fhothacar ceart.

<p>iolraí de 5</p>	<p>iolraí de 3</p>	<p>iolraí de 12</p>
--------------------	--------------------	---------------------

Teist 6 Uimh. 53 - 60

Ag Cothromú do Réim Bia

Bíonn mórán uisce de dhíth ar leanaí úrbheirthe, roinnt tógálaithe coirp agus roinnt bia fuinnimh. Tá siad mar bheadh prúnaí ann: tá uisce de dhíth le go _____ **A** _____ na cillíní.

Is léir go mbeidh níos mó fuinnimh de dhíth ar thachráin. Thig leo gach uile chineál _____ **B** _____ a ithe, ní amháin an bainne.

Idir 5 agus 18 bl. bíonn tréan brící corphógála de dhíth orthu - próitéiní, mianraí agus _____ **C** _____ .

Daoine fásta - braitheann an bia atá uathu ar an obair a dhéanann siad. Dá mhéad obair _____ **D** _____ a dhéanann siad, is amhlaidh is mó geir agus carbaihiodraití a bheidh de dhíth.

Ní bhogann daoine meánaosta mórán mar sin de is éigean dóibh _____ **E** _____ a ithe.

Bíonn próitéiní, vitimíní agus mianraí de dhíth ar sheandaoine, chan amháin tae agus brioscaí. Caithfear seanchorp a choinneáil dea-dheisithe.

Cuir líne faoin fhreagra cheart. (53 - 57)

53. **A.**
gcrupfaidh
n-atfaidh
n-imeoidh
n-ísleoidh

54. **B.**
siopaí
nuachtáin
clocha
bia

55. **C.**
milseáin
cístí
vitimíní
deoch

56. **D.**
bhog
chrua
ghearr
dheas

57. **E.**
níos mó
a lán
níos lú
an oiread céanna


Cuir líne faoin fhreagra cheart. (58 - 60)

58. Cuireann tú do bhia isteach ann. (méar, béal, lámh, cos).
59. Leacht sa bhéal le cuidiú le díleá. (uisce, tae, seileog, caifé.)
60. Rudaí sa bhéal a mheileann bia. (cos, teanga, liopaí, fiacra.)

Teist 6 Uimh. 73 - 80

73. Tá _____ mm i 1 cm.
74. Tá 100cm i _____ m.
75. Tá _____ m i 1km.
76. Tá _____ mm i 2.5cm.
77. Tá 150cm i _____ m.
78. Tá 2500m i _____ km.

Amharc ar an léaráid seo.



79. Insíonn an méid _____ atá sa bhloc a THOIRT.
80. Is é TOIRT an bhloic ná _____ cm^3 .

Teist 7

Teist 7 Uimh. 1 - 12

1-6 Dúirt sé go ndeachaigh sí go dtí an teach gur **suigh** **suífidh** **shuigh** **shuíodh** agus gur thosaigh ag iothe. Dúirt sé gur **d'iarr** **iarr** **n-iarr** **iarraidh** fear uirthi giota den arán a thabhairt dó ach nár **thabhair** **tóg** **thug** **thugaim**. Dúirt sé gur fhiafraigh sí de na fir cá raibh an cailín a bhí acu **amárach** **anuraidh** **feasta** **an bhliain seo chugainn** ach nach bhfuair sí freagra. Dúirt sé gur éirigh sí ansin agus gur **n-imigh** **himigh** **imeacht** **imigh** sí abhaile, agus go **bhí** **raibh** **rabhthas** **rabhamar** a máthair sásta léi.

An Geimhreadh

Tá néalta ar na cnoic inniu
Is fliuch gach sráid, gach bóthar.
Ghoil an spéir gan sos aréir.
Is dubh na crainn is brónach.

A Gheimhridh bhoicht, tuigim do ghol:
Ní thagann rós i do theannta,
Ná crainn ag péacadh san Aibreán,
Ná brothall aoibhinn Samhraidh.

Ach éist le mo rann is tóg do cheann,
Ná bíodh ort brón ná náire:
Istigh i do lár a rugadh Críost:
Is crann, is teas, is bláth é.

7. Tugann an dán seo orm mothú go bhfuil an file ag léiriú **fuath** **trua** **gráin** **déistean** don Gheimhreadh.

8. Cad é a chiallaíonn an frása 'Ghoil an spéir'?

bhí an spéir geal

bhí sé dorcha

bhí sé ag báistigh go trom

bhí na réaltaí le feiceáil

9. Cad é an séasúr **nach** gcuirtear an geimhreadh i gcomparáid leis sa dara véarsa?

An t-Earrach

An Fómhar

An Samhradh

Mí Iúil

10. Is ionann **brothall** agus **teas mór** **fuacht** **deartháir** **áit thall ansin**

11. Deir an file leis an Gheimhreadh sa tríú véarsa gur ábhar **náire** **mórtais** **cúlchainte** **sagairt** é, gur rugadh Críost ina lár.

12. Cad é an focal is fearr acu seo a chuirfeadh síos ar an phictiúr a rinne an file den Gheimhreadh sa dán seo?

geal, lán soininn

fuar, fliuch gan fás

measartha te

Teist 7 Uimh. 13 - 28

Bíonn fionnadh nó gruaig ag fás ar gach mamach. Coinníonn an fionnadh an _____ A _____ sa mhamach. Gach ainmhí a mbíonn fionnadh nó gruaig air, is _____ B _____ é. Is beag fionnadh atá orainne. Mamaigh is ea sinne. Caithimid _____ C _____ chun sinn féin a choinneáil te. Bainne an _____ D _____ a bhíonn ag gach mamach óg. Bíonn ceithre ghéag ar beagnach gach mamach. Bíonn eireaball ar fhormhór na mamach. Mamaigh gan _____ E _____ is ea sinne.

13. éadaí _____ 14. eireaball _____ 15. teas _____ 16. mamach _____
 17. bia _____

18 - 23. Seo liosta d'éin (A) a úsáideann agus (B) nach n-úsáideann a sciatháin le heitilt. Cuir gach éan sa ghrúpa cheart.

	A nó B?
FAOILEÁN	
PRÉACHÁN	
EALA	
PIONGAIN	
FÁINLEOG	
OSTRAIS	

24. Nuair a itheann tú rud éigin ar nós úill nó práta, faigheann tú fuinneamh uaidh. Ach ó thús tháinig an fuinneamh sin ón ghrian. An bhfuil sin fíor? _____

25. Tig adhmaid ó chrainn. Is féidir adhmaid a dhó le fuinneamh teasa agus solas a dhéanamh. Fuair na crainn an fuinneamh seo ón ghrian. An bhfuil sin fíor? _____

26. Cheannaigh mé T-léine, péire stocaí agus bríste gairid. Bhí £9.51 ar an T-léine. Bhí £1.99 ar na stocaí is bhí £7.50 ar an bhríste. Cá mhéad a thug mé ar na trí rud sin a cheannaigh mé? Freagra: _____

27. Cheannaigh mé jeans a raibh £26.95 orthu. Cá mhéad a bhí fágtha as £40? Freagra: _____

28. Taispeánann an ríomhaire lámhe seo an méid airgid a thóg na páistí i rang 5 ar son Trócaire. Scríobh síos an méid airgid.

Freagra: _____

26.7			
M+	M-	C	$\frac{Ar}{As}$

Teist 7 Uimh. 29 - 37

29. 2 mhíle + 12 chéad + 7 ndeich =

21270 3270212727127

Ciorclaigh an freagra ceart.

30-32. Thosaigh cluiche peile sa lá ar cheathrú i ndiaidh a trí. Bhí leathama ann ag ceathrú go dtí a ceathair. Thosaigh an dara leath ar a ceathair a chlog agus mhair an dara leath leathuair. Scríobh isteach na hamanna ar an chlog.

15:15

Thosaigh an cluiche.

30.

:

Chríochnaigh an chéad leath.

31.

:

Thosaigh an dara leath.

32.

:

Chríochnaigh an cluiche.

33. Is dócha go mbeadh airde an dorais sa seomra ranga thart fá

1m 2m 3m 4m 5m

Ciorclaigh an freagra ceart.

34-37.

Leabharlann Oscailte	
Dé Luain	9.00am - 6.00pm
Dé Máirt	9.00am - 7.00pm
Dé Céadaoin	10.00am - 5.00pm
Déardaoin	1.00pm - 8.00pm
Dé hAoine	8.00am - 5.00pm
Dé Sathairn	9.00am - 4.00pm

34. Cén lá is faide a fhanann an leabharlann oscailte? Freagra _____

35-36. Cén dá lá a mbíonn an leabharlann oscailte ar feadh naoi n-uaire a chloig?

Freagra _____

37. Cén lá nach mbíonn an leabharlann oscailte go dtí i ndiaidh an mheán-lae?

Freagra _____

Teist 7 Uimh. 38 - 45

38-41.

Gléasraí ar Cíos			
	3 lá	7 lá	14 lá
Lomaire faiche	£15	£20	£30
Dréimire	£5	£10	£17
Druilire	£10	£15	£19
Meascthóir suiminte	£40	£70	£100

Cá mhéad a chosnaíonn sé iad seo a fháil ar cíos?

38. Lomaire faiche ar feadh 14 lá. £_____

39. Dréimire ar feadh 7 lá. £_____

40. Meascthóir suiminte ar feadh 3 lá. £_____

41. Cad é an méid airgid atá sa difear idir druilire a fháil ar feadh 14 lá agus meascthóir suiminte ar feadh an achair chéanna? £_____

CAISLEÁIN ÓIR le Séamas Ó Grianna	THIAR I DTÍR CHONAILL le Séamas Ó Grianna
Is minic a deirtear gurb é seo an t-úrscéal is fearr i nGaeilge na linne seo. Tá sé ar na leabhair a mhairfeas.	Leabhar eile gearrscéalta. Tá samhlaíocht, filíocht agus greann aige agus níl scríbhneoir againn is fearr a léiríonn an tocht agus an brón croí.

42. Cén áit a bhfaighfeá cur síos ar leabhair mar atá thuas?

FOCLÓIR • CÚL LEABHAIR EILE DE CHUID SHÉAMAIS • LEABHAR EOLAÍOCHTA • LEABHAR GRIANGHRAFADÓIREACHTA

43. Bailiúchán de ghearrscéalta é *Caisleáin Óir*. Fíor nó bréagach? _____

44. 'Níl Séamas Ó Grianna rómhaith i mbun gearrscéalta a scríobh ina bhfuil brón agus briseadh croí.'

An síleann tú go bhfuil an bharúil sin ceart?

Sílim go bhfuil.

Sílim nach bhfuil.

45. An dóigh leis an duine a scríobh an píosa faoi *Chaisleáin Óir* go gcoinneoidh daoine á léamh go cionn i bhfad?

Is dóigh.

Ní dóigh.

Teist 7 Uimh. 46 - 55


Seo thíos cuid de na teidil ar chaibidlí amach as leabhar:

	lch.
1. Na Rudaí Neamhbheo is lú ar fad	8
Móilíní agus Adaimh	
2. Móilíní agus Adaimh	10
Laistigh d'adaimh éagsúla	
3. An Grianchóras	12
4. Conairí díreacha an tsolais	14
Scáthanna agus scáileanna	
5. Na fuaimeanna a chloisimid	16
6. Innill shimplí.....	18
7. Lasmuigh den domhan seo	21
Feithiclí sa spás	
8. Na rudaí beo is simplí	23
Cealla	
9. Rudaí beo i gcontúirt	25
Truailliú	
10. An Nua ón Sean	27
Athchúrsáil	

Cén leathanach a dtosaíonn eolas ar:

- 46. Na plainéid
- 47. Salachar, toit.....
- 48. Plaisteach, alúmanam, gloine
- 49. Codanna beaga an ainmhí agus an phlanda
- 50. An dóigh le obair a éascú
- 51. Na codanna is lú d'aon substaint
- 52. Scátháin.....
- 53. Satailít.....
- 54. Núicléas, prótóin agus leictreoin.....
- 55. Drumaí, ceol, rudaí ag crith

Teist 7 Uimh. 56 - 64



56-57. Cé acu de na ráitis seo atá fíor faoi bhalún aeir the?

- Téann an t-aer te in airde de thairbhe go bhfuil sé i ndiaidh FORBAIRT.
- Téann aer fuar in airde.
- Oibríonn balúin aeirthe mar go bhforbraíonn an t-aer istigh iontu nuair a chuirtear teas leis.
- Is troime an t-aer te sa bhalún ná an t-aer fuar amuigh.

Freagra:

Tarraingíonn an domhan rudaí chuige féin le fórsa a dtugtar domhantharraingt air. 58. a tharraingítear rudaí. Tugann an tarraingt 59. do rud. Is féidir meáchan a thomhas le gram.

Cuir isteach an dá fhocal seo SÍOS, MEÁCHAN.

60. Dhíol na daltaí i rang 7 an méid seo ticéad do choirmeoil na scoile:

Dé Luain 287

Dé Máirt 139

Cá mhéad ar fad a dhíol siad?

Freagra:

61. Bhí Liam ag dul síos go Tír Chonaill, go hAnagaire. Turas 175 míle as Béal Feirste go hAnagaire. Bhí sos beag aige i ndiaidh 89 míle. Cá mhád míle a bhí le déanamh aige?

Freagra:

62. Tá 81p ar 9 gcileagram prátaí. Cá mhéad atá ar 1 cileagram prátaí?

Freagra:

63. Ciorclaigh an codán arb ionann é agus $\frac{3}{4}$.

$\frac{1}{6}$

$\frac{6}{18}$

$\frac{7}{14}$

$\frac{9}{12}$

$\frac{3}{9}$

64. San uimhir 2379, cén figiúr a insíonn an méid míle duit? Ciorclaigh é.

7

9

2

3

Teist 7 Uimh. 65 - 80

65. Má chaithim díse séthaobhach a bhfuil 1-6 air, cad é an seans go bhfaighidh mé 5?

1 seans as 2

1 seans as 4

1 seans as 6

1 seans as 3

1 seans as 5

66. £ p

8	41
2	99
6	50
+ 16	95

67. £ p

20	00
-13	95

68. $18.6 = 18.60$
Fíor nó bréagach?
Freagra: _____

69. 296
- 104

70. $7 \overline{)98}$


72. $\frac{1}{4} = \frac{\square}{36}$

73. $\frac{2}{3} = \frac{\square}{9}$

74. $\frac{3}{4} = \frac{\square}{8}$

75. I gcarrchlós glacann 3 chóiste an spás céanna le 7 gcarr. Má imíonn 9 gcóiste, cá mhéad carr a d'fhéadfadh teacht ina n-áit?

Freagra: _____



Cad é an difear idir achar A agus achar B?

Freagra: _____ m²

77. Is riail speisialta í $\frac{a}{a+b} \times \frac{b}{a+b} = \frac{ab}{(a+b)^2}$

Cad é $\frac{3}{5} \times \frac{5}{5}$?


78. ϕ - sin riail eile. $c \phi d = \frac{2c}{3d}$

Cad é $4 \phi 7$?

79-80. Tá an dá líne a bhfuil saighead orthu comhthreomhar.

Cad é uillinn c? _____ °

Cad é uillinn d? _____ °



Teist 8

Teist 8 Uimh. 1 - 12

Níl na habairtí seo san ord cheart inar tharla na rudaí a luaitear iontu. Cuir thusa san ord cheart iad.

- A. Choimeád sé ar chlár a raibh dúil aige ann.
- B. Ar ól an bhainne dó, d'imigh sé amach ar an tsráid le bheith ag déanamh cuideachta lena chairde.
- C. D'fhág sé síos a mhála scoile.
- D. Nuair a bhí an clár thart, fuair sé deoch dó féin.
- E. Tháinig Seán abhaile ón scoil ar a trí a chlog.
- F. Chuir sé an teilifís ag gabháil.

1. _____ 2. _____ 3. _____ 4. _____ 5. _____ 6. _____

Roghnaigh an focal is fearr. (7 - 12)

- 7-9. Bhuail sí buille dá slat air agus rinne sí seangán de. **An lá roimhe sin**
Le titim na hoíche **Coicís roimhré** tháinig an Fathach Mór abhaile. Chomh luath agus chuir sé a chos ar leac na táirsí, bhí a fhios aige go **bhí** **raibh** **chuir** **beidh** coimhthíoch sa teach. Thosaigh sé a chuartú ar fud an **teach** **tithe** **tí** ach ní bhfuair sé dada.
10. Tá teach ag bun **an pháirc mhór** **an páirc mór** **na páirce móire** s i n thíos.
11. Chuaigh na **fear beag** **fearanna beaga** **fir bheaga** i gcionn na hoibre.
12. Chuala sé ceol binn **na héin** **na n-éan** **na néin** sa choill.

13- 22 Léigh seo:

D'inis sí dó go raibh trí seoda ag an fhathach agus nach dtiocfadh le duine ar bith a mharú ach an fear a mbeadh na trí seoda sin aige. Bhí sparán draíochta aige a bhí i gcónaí lán óir, is cuma cad é an méid a bhainfí as. Bhí cearc dhraíochta aige a bheireadh ubh óir achan lá sa bhliain agus cláirseach dhraíochta a bhí ábalta ceol deas a sheinm uathí féin.

"Anois," ar sise, "bíodh misneach agat agus ní heagal duit. Gheobhaidh tú an caisleán ag ceann an chasáin seo. Má éiríonn leat na trí seoda a fháil, beidh tú saibhir choíche agus beidh deireadh leis an fhathach."

D'imigh Seán leis ag tarraingt ar an chaisleán. Bhí sé mall sa tráthnóna nuair a tháinig sé go dtí an geata. Isteach leis. Bhuail sé ar an doras agus osclaíodh é. Tháinig cailleadh mhór ard amach agus chuir ceist air cad é a bhí de dhíth air.

Teist 8 Uimh. 13 - 22

13-15. Ainmnigh na trí seoda. 1. _____

2. _____ 3. _____

16-18. Scríobh faoi na buanna a bhí ag na trí seoda.

1. _____

2. _____

3. _____

19. An bhfuil tú ábalta teacht ar fhocal sa scéal a chiallaíonn crógacht nó uchtach nó calmacht?

Freagra: _____

20. Cén t-am de lá ar bhain Seán an chaisleán amach?

21. Ciallaíonn 'ag tarraingt ar an chaisleán':

- a. ag déanamh pictiúir den chaisleán
- b. ag déanamh ar an chaisleán
- c. ag iarraidh an chaisleán a tharraingt le rópa
- d. ag imeacht ón chaisleán.

Freagra: _____

22. Cén ceann acu seo is fearr a chuireann síos ar 'chailleach'.

- a. bean óg dathúil
- b. bean saibhir
- c. seanbhean chríon
- d. girseach bheag.


Freagra: _____

Teist 8 Uimh. 23 - 30

an gealbhan

an préachán

an lon dubh



23-25. Tarraing líne ón lipéad go dtí an t-éan.




an lon dubh


an lacha

26-28. Cé leis an gob?

an gealbhan



29. Cé acu seo ruball faoileáin? _____





30. Tarraing líne lena thaispeáint cá rachaidh an mirlín sa phictiúr thuas.

Teist 8 Uimh. 31 - 39

31. Cé acu is giorra, bomaite nó uair? _____

32. Bhí clog uisce ag beirt ghasúr, Seán agus Stiofán.

<p>Seo mar a bhí ag Seán ag ceangal a bhróg.</p>  <p>Ag an tús Nuair a bhí a bhróga ceangailte ag Seán</p>	<p>Seo mar a bhí ag Stiofán ag ceangal a bhróg.</p>  <p>Ag an tús Nuair a bhí a bhróga ceangailte ag Stiofán.</p>
--	--

Cé acu ar ghiorra am ag ceangal a bhróg? _____

33. Úsáid an líne seo le fad do mhéire móire a thomhas.



Tá mo mhéar mhór thart fá _____ cm.

34. Mamach is ea ceann acu seo. Cuir fáinne thart air.

an frog an colmán an bhó an siorc


35. Cad é an chuid den chorp atá ag na mamaigh seo i gcomhar le chéile?

an luchóg an giorria an cangarú

Bhí páistí ag cur ceiste ar dhaoine cad é an dóigh a bhfaigheann siad fhad leis na siopaí. Seo an tábla a rinne siad.


Déan barragrah leis an eolas ón tábla. (36 - 39)

	daoine
36. Siúl	12
37. Bus	8
38. Carr	6
39. Rothar	3



Teist 8 Uimh. 40 - 53

Taispeánann an barragraf seo chomh minic a thug daoine cuairt ar lár an bhaile chuig siopaí nó fá choinne seirbhísí. Críochnaigh an tábla ón eolas sa bharragraf.



	méid daoine
40. Gach lá	
41. Dhá uair sa tseachtain	
42. Uair sa tseachtain	
43. Uair sa choicíos	
44. Uair sa mhí	

An bhfuil siad seo fíor nó bréagach faoin ghráf thuas? (45-46)

45. Tugann formhór na ndaoine cuairt amháin sa choicíos ar shiopaí an bhaile mhóir. _____
46. Téann cuid de na daoine chuig siopaí an bhaile mhóir gach lá. _____
47. Thosaigh fear ag obair ar maidin ar cheathrú i ndiaidh a seacht agus rinne sé obair ar feadh thrí uaire go leith. Cén t-am ar stop sé?
Freagra: _____ a.m.
48. D'imigh bád as Latharna ar chúig bhomaite is fiche go dtí a seacht tráthnóna. Scríobh an t-am sin mar a bheadh sé ar an chlog 24 uair.

Freagra: :

49-53 Ceangail an t-ainmhí allta leis an chur síos air.

- | | |
|---|-------------------|
| a. Eilifint a dhíothaigh na daoine mar go raibh sé mór contúirteach. - - - - - | AN MAMAT |
| b. Faol agus bréach, sin dhá ainm eile air. - - - - - | AN MATHÚIN |
| c. ainmhí ollmhór beannach. Na hadharca dhá thriogh dhéag ar a dtrasna. - - - - - | AN FIA MÓR (EILC) |
| d. An béar mar ainm anois air. - - - - - | AN ROSUALT |
| e. Ollrón - fíorannamh a thig ceann go dtí an cósta seo. - | AN MAC TÍRE |

Teist 8 Uimh. 54 - 64

Léigh seo:

An Ghráinneog

Tá an t-ainmhí seo fairsing go maith ar fud na hÉireann ach ós ainmhí oíche í, is cosúil nach bhfeiceann mórán daoine í. Ainmhí malltriallach í de ghnáth, ach tig léi rith más éigean di é. Ach muna bhfuil sí chomh gasta le coinín, tá gléas maith cosanta aici a thoirmeascann ainmhithe eile. Mar tá dealga fada géara ag fás as a corp, agus má thig aon namhaid ina haice tig léi liathróid atá lán de shnáthaidí géara a dhéanamh di féin.

